An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ



2 Bealtaine 2018

## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

### CÉN FÁTH A BHFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Tá fiúntas sa tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do réimse an taighde agus na nuálaíochta mar go spreagtar taighdeoirí i dtíortha éagsúla agus i réimsí éagsúla dul i mbun oibre le chéile, rud atá ríthábhachtach chun fionnachtain a dhéanamh. Fágann an tacaíocht sin freisin go n-éiríonn leis an Aontas tosaíochtaí a chur i gcrích, e.g. Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide.

**ÚSÁIDEADH MAOINIÚ ÓN AONTAS CHUN:**

- PLÁINÉID NUA A AIMSIÚ
- DUL CHUN CINN MÓR A DHÉANAMH AR CHÓIREÁIL AILSE
- 1.6 MILLIÚN VACSAÍN DEN GHALAR EBOLA A CHUR AR FÁIL
- CADHNRA A FHORBAIRT ATÁ 100 UAIR NÍOS CUMHACHTAÍ NÁ GNÁTHCHADHNRAÍ
- TÁSTÁIL A DHÉANAMH AR BHUSANNA A OIBRÍONN AR BHREOSLA-CHILL HIDRIGINE


**AGUS AMACH ANSEO?**

DO ROGHA TÍ A PHRIONTÁIL GO TRÍTHOISEACH

### CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

I bhfianaise cé chomh maith agus a d'éirigh leis na cláir shuaitheanta a bhí ag an Aontas go dtí seo i réimse an taighde agus na nuálaíochta, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cur leis an infheistíocht sa taighde agus nuálaíocht trí **€114.8 billiún** a chur in áirithe don réimse sin i mbuiséad nua fadtéarmach an Aontais.

Infheistíocht sa todhchaí




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach

*Nóta:* I gcomparáid le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020, AE-27 (meastachán)

# GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN

Le buiséad **€97.9 billiún** tá an clár **Fís Eorpach** ar an gclár maoinithe taighde agus nuálaíochta is mó riamh. Tá trí cholún ann:

- **Colún na hEolaíochta Osailte** trína maoinítear comhaltachtaí agus malartuithe, agus tionscadail ar taighdeoirí a cheap agus a chuireann chun cinn iad, tríd an gComhairle Eorpach um Thaighde agus cláir Marie-Skłodowska-Curie.
- **Colún na nDúshlán Domhanda** trína maoinítear taighde a bhaineann le dúshláin shochaíocha, agus trína mbunaítear misin uile-AE ag a mbíonn spriocanna uaillmhianacha faoi shaincheisteanna a chruthaíonn imní sa tsochaí, e.g. an troid i gcoinne na hailse, iompar glan agus aigéin saor ó phlaisteach. Beidh ról suntasach ag ceannaireacht ó earnáil na tionsclaíochta sa cholún seo agus le linn an chláir ina iomláine.
- **Colún na Nuálaíochta Oscailte** lena bhfuil an cuspóir an Eoraip a bheith ina ceann feadhna sa nuálaíocht cruthaithe margaí. Leis an g**Comhairle Nuálaíochta Eorpach**, cuirfear ionad ilfhreastail ar fáil le haghaidh teicneolaíochtaí ardacmhainne ceannródaíocha agus cuideachtaí nuálacha a bhfuil acmhainn mhéadaithe iontu.

Eolaíocht Oscailte

Dúshláin Dhomhanda

Nuálaíocht Oscailte



FÍS EORPACH

Beidh rialacha níos simplí sa chlár Fís Eorpach, agus ní bheidh an oiread céanna maorlathais ann dóibh siúd a fhaigheann maoiniú.

# CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Leis an ionstraim **InvestEU**, tugtar ráthaíocht de chuid an Aontais le go bhféadfar maoiniú poiblí agus príobháideach a spreagadh i bhfoirm iasachtaí, ráthaíochtaí, cothromas nó ionstraimí eile margadhbhunaithe, mar aon le hinfheistíochtaí straitéiseacha a thacóidh leis an taighde agus leis an bhforbairt trí ionú ar leith a chruthú don infheistíocht. Le hinfheistíocht €15.2 billiún as buiséad an Aontais, tá súil go spreagfaidh InvestEU breis agus **€650 billiún** d'infheistíocht bhreise ar fud na hEorpa.
- Tá **an Beartas Comhtháthaithe** ina chuid thábhachtach de na cistí as a dtagann maoiniú le haghaidh réimse an taighde agus na nuálaíochta mar go ndíreofar níos mó anois ar an nuálaíocht agus ar na straitéisí um speisialú cliste. Leis an "Séala Scothchleachtais" beidh sé níos éasca tionscadail a n-éiríonn leo faoin gclár meastóireachta Fís Eorpach a aithint le go maoineofar iad ar an leibhéal réigiúnach faoi na Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta.
- Leis an g**Ciste Eorpach Cosanta** nua, a bhfuil buiséad **€13 bhilliún** ann, cuirfear le cumas an Aontais Eorpaigh a shaoránaigh a chumhdach agus a chosaint. Cuirfear deontais ar fáil le haghaidh tionscadail chomhoibríocha a théann i ngleic leis na bagairtí slándála agus cosanta atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo agus a dhúnann na bearnaí teicneolaíochta.
- Is tionscadal úrnua fadtéarmach é **an tImoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER)**, lena dtógfar agus a n-oibreofar imoibreoir chun tástáil a dhéanamh ar an bhféidearthacht comhleá a úsáid mar fhoinse fuinnimh. **€6 bhilliún** atá curtha in áirithe don tionscadal sin.
- Leis an gClár Taighde agus Oiliúna **Euratom** maoinítear an taighde agus an oiliúint i sábháilteacht tháirgeadh an fhuinnimh núicléach.
- Tá sé de chuspóir leis an g**Clár nua don Eoraip Dhigiteach**, a bhfuil buiséad **€9.2 billiún** ann dó, buntáistí an chlaochlaithe dhigitigh a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí uile na hEorpa. Cuirfidh an clár borradh faoin infheistíocht sa ríomhaireacht agus i sonraí ardfheidhmíochta, san intleacht shaorga, sa chibearshlándáil agus in ardscileanna digiteacha. Spreagfar teicneolaíochtaí digiteacha a chur ar fáil ar scála mór sna hearnálacha eacnmaíocha éagsúla agus tabharfar tacaíocht do chlaochlú digiteach seirbhísí poiblí agus gnólachtaí.

## SAMPLA DE THIONSCADAL TAIGDE RATHÚIL:

### VACSAÍNÍ DEN GHALAR EBOLA

Rinneadh cóireálacha, uirlisí diganóiseacha agus vacsaín nua tarrthála a fhorbairt leis an maoiniú a d'eagraigh an tAontas Eorpach chun déileáil leis an ráig Ebola a bhí ann le deireanas. Leis an vacsaín a d'fhorbair Johnson & Johnson i gcomhar leis an tionscadal 'EBOVAC' a mhaoinigh an tAontas Eorpach, rinneadh na mílte duine a chosaint ar an ngalar Ebola. Tá os cionn 1.6 milliún dáileog den vacsaín stoc-charntha go dtí seo agus úsáidfear iad má bhíonn éigeandáil ann.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| Dáta | |
|---|---|
| 02/05 2018 | **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** |
| 07/06 2018 | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** |
| 28-29/ 06/2018 | An Chomhairle Eorpach |
| 12/09 2018 | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** |
| 18-19/ 10/2018 | An Chomhairle Eorpach |
| 13-14/ 12/2018 | An Chomhairle Eorpach |
| 21-22/ 03/2019 | An Chomhairle Eorpach |
| 09/05 2019 | Cruinniú Mullaigh Sibiu |

Print ISBN 978-92-79-84713-4 doi:10.2775/73375 NA-02-18-465-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84732-5 doi:10.2775/30140 NA-02-18-465-GA-N